Na Cnocadóirí



www.cnocadoiri.com

Meabhrúchán!

Mura bhfuil an síntiús ballraíochta íoctha agat go fóill, iarrfaimid ort é sin a dhéanamh go luath. Is spórt dainséarach í an chnocadóireacht, agus ní mór d'aon duine a théann amach ag siúl árachas a bheith aige/aici. Íocfaidh Na Cnocadóirí táille árachais leis an MCI ar son gach ball den chlub (a bhfuil an síntiús íoctha aige/aici). Tá buntáistí eile ag baint le ballraíocht an MCI chomh maith – féach www.mountaineering.ie. Más mian leat a bheith ar liosta na gCnocadóirí agus ríomhphoist a fháil faoi imeachtaí an chlub, ní mór duit an síntiús a íoc. Is féidir foirm bhallraíochta a fháil ó cnocadoiri@yahoo.com

Liosta siúlóidí

Dáta	*Siúlóid (Ceantar)*	*Treoraí*	*Áit Chruinnithe*
6 Aibreán	*Maoilín. (Ainm eile: Tigh an Tearmainn/ Trooperstown Hill)*	*Seán Ó Fearghaill*	*Ceanncheathrú BSL ar 10.30* ***nó*** *Carrchlós ag T 159, 970 ar léarscáil 56 na Suirbhéireachta Ordanáis ar 11.45*
20 Aibreán	*An Choip Mhór agus Gleann na Life*		*Ceanncheathrú BSL ar 10.30* ***nó*** *Carrchlós ag T 080, 144 ar léarscáil 56 na Suirbhéireachta Ordanáis ar 11.45*
2 – 5 Bealtaine	*Deireadh seachtaine i gCo. an Chabháin*		*Féach an t-eolas ar lch. 2.*

Beannachtaí an Earraigh chugat!

Seo roinnt eolais mar gheall ar:

- *Siúlóidí a bheidh ann i mí Aibreáin.*
- *Deireadh seachtaine atá á eagrú againn i gCo. an Chabháin ag tús mhí na Bealtaine*
- *Cúrsa traenála i mbunscileanna cnocadóireachta*

Tá súil againn go mbeidh spéis agat iontu agus go mbeidh tú ag siúl linn go luath.

Coimeád siúl ar an suíomh Gréasáin www.cnocadoiri.com chun eolas a fháil faoi shiúlóidí eile i mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh. ."

Gleann Dá Loch,

Deireadh Seachtaine Cnocadóireachta!

Ar mhaith leat deireadh seachtaine a chaitheamh amuigh faoin aer leis na Cnocadóirí?

- Beidh deireadh seachtaine cnocadóireachta againn i g**Co. an Chabháin** ón **2 go 5 Bealtaine** (deireadh seachtaine fada). Beidh siúlóidí ar siúl ar an Satharn, ar an Domhnach agus ceann gairid ar an Luan.
- Lóistín ar fáil Tigh Sheáin i m**Béal Átha Conaill**, agus beidh fáilte romhat fanacht ann - beidh neart spáis do chách.
- Is féidir linn béilí a chócaireáil le chéile agus má tá uirlisí ceoil agat, tabhair leat iad.
- Má tá síob uait, is féidir comh-úsáid caranna a eagrú ó Bhaile Átha Cliath go Béal Átha Conaill.

Más mian leat tuilleadh eolais faoin deireadh seachtaine seo a fháil, nó más mian leat teacht ann, déan teagmháil le Marie ar 086 1023 276 nó cuir ríomhphost chuig cnocadoiri@yahoo.com

Turas go Conamara:
Deireadh Seachtaine Lá Fhéile Pádraig 2007.
Sléibhte Mhám Toirc agus na Beanna Beola

Cúrsa Traenála.

Ar mhaith leat do bhealach féin a dhéanamh timpeall na sléibhte gan stró? Beidh seisiún traenála i mbunscileanna cnocadóireachta ann ar an **gCéadaoin, 14 Bealtaine, ar 7 a chlog, i lár na cathrach**. Tá an seisiún seo oscailte do bhaill an chlub ar mhaith leo eolas a chur ar na nithe seo a leanas:

- compás a úsáid
- léarscáil a léamh
- fad siúlóide a mheas
- bunscileanna cnocadóireacht eile.

Beidh deis ann na scileanna a chleachtadh ar an siúlóid ar Dhroibhéal an Domhnach ina dhiaidh sin – an 18 Bealtaine.
Má tá spéis agat sa chúrsa seo, déan teagmháil le Marie nó cuir ríomhphost chuig cnocadoiri@yahoo.com